## Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

**Cúraimí agus Struchtúr Údarás na Gaeltachta, agus Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2020**

**11 Samhain 2020**

**Ráiteas Tosaigh**

**Réamhrá**

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach agus le baill an Choiste as an gcuireadh teacht in bhur láthair inniu le labhairt ar an ábhar '*Cúraimí agus Struchtúr Údarás na Gaeltachta, agus Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2020*'.

Creidim nach aon áibhéil é a mhaíomh go bhfuil Údarás na Gaeltachta ar cheann de na heagraíochtaí Stáit is tábhachtaí a cuireadh ar an bhfód riamh. In sna 40 bliain ó bunaíodh an eagraíocht is féidir linn bheith mórtasach as an méid atá bainte amach ag an Údarás agus is deacair saol na Gaeltachta ná todhchaí na Gaeltachta a shamhlú gan ról lárnach an Údaráis a bheith aitheanta ann. D'eascair an tÚdarás as an éileamh pobail sna 70idí go mbunófaí eagraíocht Stáit a dhíreodh ar fhorbairt agus ar chur chun cinn na gceantair Ghaeltachta a bhí á mbánú ag an am sin de thoradh easpa deiseanna fostaíochta. Bhí agus tá go fóill glacadh forleathan leis nach mairfidh na pobail labhartha Ghaeilge atá fágtha sa tír mura mbeidh fostaíocht ar fáil sna ceantair sin.

Má bhí blianta tosaigh an Údaráis dírithe cuid mhaith ar chúrsaí fostaíochta, tháinig méadú agus leathnú ar na cúraimí sin in imeacht na mblianta agus muid freagrach anois as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is mór an dul chun cinn atá déanta sna ceantair Ghaeltachta thar na mblianta agus athruithe móra chun feabhais le brath ó thaobh cúrsaí forbartha, fostaíochta agus sóisialta. Tá a chionn féin déanta ag an Údarás ó bunaíodh é 40 bliain ó shin.

**Cúraimí**

Tá cúraimí agus feidhmeanna an Údaráis sonraithe in Acht um Údarás na Gaeltachta 1979 arna leasú ag Acht na Gaeltachta 2012. Is minic go bhfeictear go bhfuil dhá phríomhchúram le comhlíonadh ag an Údarás, is é sin tacú le fostaíocht a chruthú agus a chothú chomh maith leis an nGaeilge a chur chun cinn. Ní tosaíochtaí iad sin atá comheisiach ar a chéile. I gcomhlíonadh ár gcuid cúraimí is beag cuid de shaol phobal na Gaeltachta nach mbíonn baint ag an Údarás leis ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Tá sé mar bhua ag an Údarás go bhfuil struchtúr réigiúnach i bhfeidhm a fhágann go bhfuil caidreamh láidir cruthaithe leis na pobail Ghaeltachta agus tuiscint mhaith á fháil againn ar a gcuid riachtanas. Is eagraíocht muid atá fréamhaithe sna pobail ar a bhfreastalaíonn muid.

**Pleanáil Teanga**

Leag Acht na Gaeltachta 2012 cúraimí sonracha ar an Údarás maidir le feidhmiú an phróisis phleanála teanga. Ó shin i leith tá obair mhór curtha i gcrích againn ag comhoibriú go dlúth leis na pobail áitiúla fud fad na Gaeltachta chun an struchtúr seo a chur ar a chosa, a chothú agus a neartú. Tá ocht gcinn déag de phleananna teanga aontaithe ag an Aire faoin tráth seo agus á bhfeidhmiú ag na pobail áitiúla. Tá seisear déag oifigigh pleanála teanga agus triúr oifigigh cúnta fostaithe sna pobail chun na pleananna, a bhfuil úinéireacht ag na pobail féin orthu, a chur i bhfeidhm. Faoi dheireadh na bliana seo beidh plean teanga do gach limistéar pleanála teanga curtha faoi bhráid an Aire. Creidim go

rachaidh na gníomhaíochtaí ar fad atáthar ag cruthú ag leibhéal an phobail chun leasa úsáid na Gaeilge agus chun meanma an phobail a neartú.

Léirigh torthaí dhaonáireamh 2016 chomh leochaileach is atá staid na Gaeilge sa Ghaeltacht. In ainneoin na hiarrachtaí ar fad atáthar a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge a neartú is údar imní an cúlú a bhí le brath i ngach ceantar Gaeltachta. Ní féidir áfach géilleadh don lag-mhisneach in ainneoin na ndeacrachtaí atá ann. Ní féidir linn ach an oiread a bheith ag maireachtáil i saol an dóchais bhréige. Tá sé de chúram orainn ar fad atá sáite i gcúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta treisiú ar ár gcuid iarrachtaí agus gach ar féidir linn a dhéanamh chun cur le stádas, luach agus úsáid ár dteanga dúchais. Tá páirt lárnach ag an Údarás san obair seo ní amháin ó thaobh na pleanála teanga de ach freisin ó thaobh na ngníomhaíochtaí a thacaíonn muid leo i réimsí an fhorbartha pobail, an luathoideachais, na healaíona, na turasóireachta agus na hóige. Oibríonn muid go dlúth leis na geallsealbhóirí ar fad ag an leibhéal áitiúil, go háirithe comharchumainn agus eagraíochtaí pobalbhunaithe chun tabhairt faoi thionscnaimh a chuireann leis an bhforbairt áitiúil.

**Bille na dTeangacha Oifigiúla**

Fáiltíonn an tÚdarás roimh fhoilsiú Bhille na dTeangacha Oifigiúla agus an plé atá ar bun ar leasú na reachtaíochta. Anois níos mó ná riamh tá sé riachtanach go mbeadh cosaint reachtúil láidir tugtha don Ghaeilge agus go dtreiseofaí cearta agus deiseanna an phobail chun a dteanga dúchais a úsáid. B'fhearr i bhfad mura mbeadh aon riachtanas do reachtaíocht teanga agus go mbeadh teacht chomh héasca céanna ar sheirbhísí an Stáit sa dá theanga oifigiúla sa tír. Is é fírinne an scéil go bhfuil sé deacair do chuid gnó a dhéanamh go sásúil agus go críochnúil leis an Státchóras trí Ghaeilge. Má tá cosaint agus stádas le tabhairt don Ghaeilge ní amháin go dteastaíonn reachtaíocht láidir ach freisin caithfidh an toil agus an cur chuige a bheith ann seirbhísí poiblí a chur ar fáil chomh héasca céanna agus ar an gcaighdeán céanna sa dá theanga oifigiúla. Tá na pobail Ghaeltachta i gcleachtadh le fada ar na deacrachtaí a bhaineann le fáil a bheith ar sheirbhísí Stáit i nGaeilge. Mar cheantair ina bhfuil pobail labhartha teanga tá riachtanais faoi leith ag an nGaeltacht agus is ceart go mbeifí airdeallach ar sin i ngach gné d'obair an Stáit. Ní cheart go ligfí i ndearmad ach an oiread gur teanga náisiúnta í an Ghaeilge, ná go bhféachfaí uirthi mar theanga réigiúnach. Baineann ár dteanga dúchais linn ar fad laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sí i gcroíthe an diaspóra atá scaipthe ar fud an domhain mhóir agus í foghlamtha ag daoine nach bhfuil ceangal ar bith acu leis an tír seo. Ó thaobh na seirbhísí poiblí de an dúshlán atá romhainn anois ná teacht ar bhealach ina bhfuil dóthain daoine le hinniúlacht sa teanga ar fáil leis agus an acmhainn, an fonn agus an toil chun seirbhísí a chur ar fáil i gceachtar teanga oifigiúil gan bac gan constaic.

**Fiontraíocht agus Fostaíocht**

Faoi dheireadh 2019 bhí an tÚdarás ag tacú le 7,800 post i ngnóthaí Gaeltachta. Mar is eol don saol tá COVID-19 tar éis tionchar díobhálach a imirt ar chúrsaí gnó le naoi mí anuas. Tá fócas an Údaráis dírithe ar chuidiú le comhlachtaí teacht tríd an tréimhse dúshlánach seo atá lán le héiginnteacht. Tríd scéimeanna ar nós an Dearbhán Leanúnachais Ghnó agus an Scéim Trádála Ar Líne táthar ag iarraidh tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do chomhlachtaí chun déileáil leis an timpeallacht nua ina bhfuiltear ag feidhmiú ann faoi láthair. Faoin tráth seo tá os cionn 400 iarratais faighte againn do na scéimeanna tacaíochta seo agus deontais de luach €1,020,000 ceadaithe. Sa bhreis air sin tá ciste €10 milliún ar fáil do chomhlachtaí Gaeltachta faoin Scéim Cothaithe Fiontair agus tá muid gníomhach ag tacú le comhlachtaí leas a bhaint as an gciste sin.

Mar atá tuairiscithe le gairid is údar mór imní dúinn an tionchar a d'fhéadfadh an Breatimeacht a imirt ar chomhlachtaí Gaeltachta go háirithe ag an am céanna go bhfuiltear ag déileáil le COVID-19. Beidh tionchar díréireach ag an mBreatimeacht ar chomhlachtaí Gaeltachta de bharr an spleáchas atá ar an margadh sin ó thaobh cúrsaí díolacháin agus mar fhoinse amhábhair.

I dteannta na ndeontas gur féidir leis an Údarás a chur ar fáil is é an punann fairsing maoine ceann de na huirlisí is fearr atá againn chun tacú le cúrsaí fostaíochta agus fiontraíochta sa Ghaeltacht. Tá cuid de na foirgnimh atá inár seilbh tógtha ó na 70idí agus na 80idí agus géarghá le clár uasghrádaithe chun iad a chur in oiriúint do riachtanais gnó an lae inniu. Ba mhór an taca dúinn an €8 milliún a cuireadh ar fáil faoi Chlár Spreagtha an Rialtais, a fógraíodh i mí Iúil, chun uasghrádú a dhéanamh ar ár gcuid foirgnimh. Le cúpla bliain anuas tá athchóiriú suntasach déanta againn ar roinnt seanfhoirgnimh chun iad a fheistiú mar mhoil dhigiteacha le fáil ar leathanbhanda ardluais agus iad aitheanta faoin mbranda gteic – gréasán digiteach na Gaeltachta. Creidimid go gcruthaíonn sé seo bonneagar riachtanach chun cead a thabhairt do dhaoine oibriú go compordach as láithreacha Gaeltachta. Faoi dheireadh na bliana seo beidh 24 gteic tógtha ar fud na gceantar Gaeltachta, idir cinn atá faoi úinéireacht an Údaráis agus cinn atá á reáchtáil ag comharchumainn agus eagraíochtaí pobalbhunaithe. Ar an iomlán beidh os cionn 700 suíochán nó spás deisce ar fáil sna hionaid seo chomh maith le spásanna oifige, saotharlanna agus tacaíochtaí eile. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe a chur cistí de €3,500,000 ar fáil faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun tacú le forbairt an ghréasáin gteic.

Tá tograí suntasacha eile idir lámha ag an Údarás ina measc Páirc na Mara a bhfuil iarratas pleanála déanta ina leith ag an tráth seo. Freagraíonn an cineál seo togra do na deiseanna atá ar fáil forbairtí ar scála suntasach, atá dírithe ar na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil sa Ghaeltacht, a chur chun cinn. Is i gCill Chiaráin i gConamara atá an togra seo le forbairt, ceantar tearcfhorbartha a mbíonn sé deacair tionscail a mhealladh chuige. Tá idirphlé fairsing déanta leis an bpobal áitiúil ar an togra seo agus is mór againn an tacaíocht atáthar ag léiriú dó.

Thógfadh sé ró-fhada cur síos a dhéanamh ar gach gné den réimse fiontraíochta agus fostaíochta ach is féidir a rá go bhfuil an obair a dhéantar chun tionscail a mhealladh, a chothú agus a fhorbairt lárnach in obair an Údaráis. Léiríonn torthaí suirbhé an ABSEI do 2019 go raibh díolachán €923m ag cliant chomhlachtaí an Údaráis, ar bhain €558m le heaspórtáil agus a raibh párolla de €195m acu.

**Struchtúr Údarás na Gaeltachta**

Feidhmíonn Údarás na Gaeltachta struchtúr réigiúnach, le hoifigí i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus i gCorcaigh, atá mar chnámh droma don obair atá idir lámha againn. Tá dhá fho-chuideachta againn, Muintearas Teo agus Ealaín na Gaeltachta, a dhíríonn ar ghnéithe sainiúla dár gcuid oibre. Tá obair na heagraíochta féin eagraithe faoi trí stiúrthóireacht: Fiontraíocht, Fostaíocht agus Maoine; Forbairt Réigiúnach, Pobal agus Teanga; agus Seirbhísí Corparáideacha. Ar an iomlán is nócha ball foirne buan atá ceadaithe don Údarás chun tabhairt faoi na réimsí oibre ar fad a thagann faoinár gcúram.

Ní mór dom a rá nach bhfuil an líon foirne seo dóthanach chun ceadú dúinn ár gcuid oibre ar fad a chomhlíonadh ar bhealach chomh críochnúil agus ar mhaith liom. Oibríonn an fhoireann atá againn go díograiseach agus tá siad le moladh as a gcuid dúthrachta. Bhí a rian sin le feiceáil i mbliana, níos mó ná riamh, agus muid ag dul i ngleic leis an éigeandáil a bhí cruthaithe ag COVID-19. Ba mhór an

ugach dúinn an fógra a rinneadh lá na cáinaisnéise go raibh ardú €8.13 milliún á mholadh ag an Rialtas ar allúntas an Údaráis idir maoiniú caipitil, forbairt phobail agus maoiniú reatha. Cuirim fáilte ar leith roimh an ardú de nach mór €3 mhilliún a ceadaíodh do chaiteachas reatha a thabharfaidh deis dúinn aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí struchtúrtha atá againn ceal foirne. Tá cás á dhéanamh ag an Údarás le fada go bhfuil tuilleadh acmhainní de dhíth agus ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do Bhord an Údaráis agus don Chathaoirleach a d'oibrigh go dícheallach chun aird a tharraingt air seo. Gabhaim buíochas freisin leis an Aire Catherine Martin T.D. agus leis an Aire-Stáit Jack Chambers T.D. mar aon le hoifigigh na Roinne a thug aird ar an achainí. Tá buiséad iomlán de €31.8 milliún ar fáil don Údarás in 2021 agus tugann sé sin an deis dúinn clár oibre leathan a chur i gcrích.

**Críoch**

Tá fís uaillmhianach ag an Údarás don Ghaeltacht agus don phobal a mhaireann inti. Feiceann muid na deiseanna chun ceantair bhríomhara inbhuanaithe a chothú, atá taitneamhach le maireachtáil iontu agus ina bhfuil an Ghaeilge fite fuaite ina gcéannacht.

Tá an tÚdarás ag forbairt Straitéis nua do na cúig bliana seo amach romhainn a bheidh bunaithe ar an téama Cumasú, Neartú agus Inbhuanaitheacht. Beidh an téama sin lárnach i ngach rud a ndéanann muid. Tógfaidh an straitéis ar an méid atá bainte amach le trí bliana anuas ach freisin tabharfaidh muid aghaidh ar dheiseanna nua a bhaineann leis an eacnamaíocht ghlas, an eacnamaíocht shóisialta, an eacnamaíocht dhigiteach agus an eacnamaíocht ghorm. Beidh muid ag tabhairt faoin gcéad staid eile den phleanáil teanga agus é mar sprioc againn i gcónaí pobail eiseamláireacha Ghaeltachta a chothú ina mbeidh ár dteanga dúchais le clos go tréan agus á úsáid go nádúrtha i ngach gné de shaol an phobail sin.

**Mícheál Ó hÉanaigh**
**Príomhfheidhmeannach**
**Údarás na Gaeltachta**